# Forbairt Shóisialta agus

## *Téama i Leabhair Ghaeilge Nua-fhoilsithe do Pháistí*

**Gach bliain foilsítear go leor leabhar as Gaeilge do pháistí. Is minic a dhéantar plé sna leabhair sin ar théamaí tábhachtacha oideachasúla. Sna léirmheasanna gearra anseo thíos féachtar ar rogha leabhar nua-fhoilsithe do pháistí a thabharfaidh ról-mhúnlaí do léitheoirí óga agus a chuideoidh leo ina bhforbairt shóisialta agus phearsanta. Léirmheas leis an Dr Marie Whelton, léachtóir le Litríocht agus Teanga na Gaeilge i gColáiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath.**

## An Gleann agus cúram fadtéarmach an imshaoil

Is scéal dúlra do pháistí é *An Gleann* a dhéanann ceiliúradh ar áilleacht an nádúir agus ar a thábhachtaí 's atá sé an timpeallacht agus an tseandálaíocht dhúchasach a chaomhnú. Go pointe, is féidir a rá gur critic shóisialta é an leabhar. Tá Seán ag maireachtáil in áit álainn iargúlta, áit atá gar do ghleann stairiúil. Is gleann é atá clúdaithe le crainn dhúchasacha agus tá seanmhainistir fós ann. Is breá le Seán an gleann agus tá caidreamh ar leith aige le hainmhithe agus leis an nádúr i gcoitinne. Bhíodh an spéis chéanna ag a mháthair, Dúlra, sa ghleann sula bhfuair sí bás go tobann. 'Tadhg an Tochaltóra' is ainm d'athair Sheáin, áfach, agus i gcodarsnacht lena bhean chéile agus lena mhac, is cuma leis faoi bheannaitheacht agus faoi áilleacht an ghleanna. Maidin amháin, fógraíonn sé sa siopa áitiúil go bhfuil sé chun mótarbhealach a thógáil tríd an ngleann. Iarrann ainmhithe an ghleanna ar Sheán iarracht a dhéanamh stop a chur le pleananna a athar, ach, nuair a fhilleann Seán abhaile tagann tinneas mistéireach air. San ospidéal, níl na dochtúirí in ann cúis an tinnis a aimsiú agus tuigeann siad go bhfuil Seán ag saothrú an bháis. Smaoiníonn athair Sheáin ar sheanfhear ón gceantar agus impíonn sé air rud éigin a dhéanamh. Cabhraíonn an seanfhear leis ar an gcoinníoll go gcuirfidh Tadhg a chuid pleananna don ghleann ar ceal. Tar éis don seanfhear a lámh a leagan ar éadan Sheáin agus tar éis dó paidir a rá, tagann biseach ar Sheán. Is léir ag an deireadh go bhfuil ceacht foghlamtha ag Tadhg agus in ionad motarbhealach a thógáil sa ghleann, cuireann sé daracha óga ann. Ar scáth a chéile a mhaireann an nádúr agus an cine daonna arís.

Tugann an leabhar léargas ar nádúr idirspleách an domhain agus ar an dualgas atá orainn go léir an timpeallacht agus ár n-oidhreacht a chosaint don ghlúin atá le teacht. Is scéal é seo a bhfuil móitífeanna traidisiúnta ag sní tríd (an mhallacht, an chaint le hainmhithe agus údarás daoine áirithe teacht ar fhoinsí an eolais, mar shampla), ach is scéal nua-aimseartha é, freisin, a phléann le téama an tomhaltachais agus le caomhnú an dúlra sa lá atá inniu ann. Tá an t-údar le moladh as an traidisiún agus as an gcultúr comhaimseartha a thabhairt le chéile ar bhealach atá an-oiriúnach don léitheoir óg.




*Údar: Brian Ó Gráinne. Maisiú: Daltaí ó Ghaelscoil Bharra, Cabrach, Baile Átha Cliath. Foilsitheoir: Coiscéim, Baile Átha Cliath.*

## Cathal sa Naíolann agus an fhorbairt idirphearsanta

**Bheadh an leabhar *Cathal sa Naíolann* oiriúnach do na naíonáin. Is scéal é a bhaineann le lá tábhachtach i saol an phríomhcharachtair, Cathal, is é sin a chéad lá sa Naíolann. Téann an scéal i ngleic leis na dúshláin a bhíonn le sárú ag an bpáiste óg nuair a fhágann a thuismitheoirí é sa naíolann den chéad uair.**

**Tar éis dá thuismitheoirí imeacht, mothaíonn Cathal brónach agus cúthail. Tá sé buartha nach bhfillfidh a thuismitheoirí ar ais chun é a bhailiú. Is é Teidí an t-aon rud a thugann sólás dó. Tar éis tamail, áfach, bíonn sé réidh Teidí a roinnt lena chara nua agus socraíonn sé síos.**

**Tá an leabhar le moladh as oiriúnacht an ábhair do shaol an pháiste agus níl amhras ach go spreagfaidh sé páistí chun caidreamh tacúil a chruthú agus a bhuanú. Léirítear an príomhcharachtar mar bhuachaill leochaileach a fhoghlaimíonn go leor in aon lá amháin faoi rialú a mhothúchán féin agus faoi láimhseáil a chuid iompraíochta féin i suíomh sóisialta nua. Foghlaimíonn sé faoin roinnt agus faoin gcomhoibriú, agus, ar ndóigh blaiseann sé, freisin, de bhuntáistí an athraithe.**






*Leagan Gaeilge: Tadhg Mac Dhonnagáin, Maisiú: Pierre Brignaud agus Marcel Depratto. Foilsitheoir: Futa Fata, Co na Gaillimhe, ISBN: 9781906907235.*


# Phearsanta an Pháiste

## Cócó an Colgán Cairdiúil agus tuiscint an pháiste ar dhifríochtaí cumais

Leabhar álainn is ea é *Cócó an Colgán Cairdiúil* a théann i ngleic le dúshlán na difríochta i measc na n-óg. Is colgán cairdiúil í Cócó. Is breá léi a bheith ag súgradh lena cairde ar scoil. Ansin bogann a clann go teach nua in áit iasachta agus bíonn uirthi déileáil le hathrú de shaghsanna éagsúla. Is léir do Chócó láithreach nach ionann í agus na héisc eile ina scoil nua. Tá srón an-fhada ghéar aici a bhíonn sa bhealach i gcónaí, dar leis na héisc eile. Imíonn na héisc eile uaithi agus fágann siad Cócó léi féin. Ansin, lá amháin, beirtear ar na héisc ar fad in eangach iascaire agus is í Cócó amháin atá fágtha lasmuigh den eangach. Feiceann sí na héisc ar fad á n-iompar i dtreo bhád na n-iascairí. Iarrann siad uirthi cabhrú leo. Snámhann sí i dtreo na heangaí agus gearrann sí poll san eangach lena srón fhada. Sábhálann sí na héisc ar fad agus, dá bhrí sin, déanann siad muintearas léi agus glacann siad léi.

Is fabhalscéal nua-aimseartha é an scéal a theagascann ceacht faoin éagsúlacht fhisiceach agus faoin ilchultúrachas. Taiscéalann an scéal an téama sin ar bhealach an-chliste agus léiríonn sé go mbíonn an tréigean agus an t-aonaránachas ina ndlúthchodanna d'eispéireas an duine nach nglactar leis/léi mar chuid den ghrúpa. Déanann an scéal iniúchadh ar an mbealach ina dtarlaíonn claontacht sa saol, ach léiríonn sé, freisin, go mbíonn buanna ar leith ag gach duine agus gur féidir na buanna sin a chur chun sochair na sochaí ina hiomláine. Spreagfaidh an scéal seo páistí chun meas a léiriú ar dhínit an uile dhuine.

*Údar: Ailbhe Nic Giolla Bhrighde. Maisiú: Brian Fitzgerald. Foilsitheoir: Futa Fata, Co na Gaillimhe. ISBN: 9781906907204.*









### Telling Tales

Practical drama activities based on stories from around the world

**Telling Tales series is a great addition to any multi-cultural friendly school/classroom that want to explore drama in a cultural context. They focus on stories, fables, myths and legends from all over the world. The books are divided into photocopiable resources for use with 1st class upward to 6th class. They integrate drama, SPHE and literacy using the dramatic styles of readers' theatre, improvisation and group drama to name a few.**

**I think children and teachers will enjoy these lessons and stories, the stories cover places like Greece, China, Iran and even Ireland.**

**All resources are contained in the book with the lesson plans being timed carefully for the time-pressed teacher!**

**If you need some new ideas for your writing genres work in English or want to liven up your drama lessons, then the Telling Tales books are going to do that!**

**Author: Susan Battye. Available from Outside the Box Resources at www.otb.ie. ISBN Book A: 9781869685348; Book B: 9781869685355. Price: €25, which represents excellent value as you will get extensive use from them.**

*Reviewed by:* ROZZ LEWIS, *Principal in Saplings Special School for Autism, Carlow.*